An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

# BUNCHUSPÓIR AN ÚDARÁIS

**Rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ndaoine a bhíonn bainteach leis an earnáil um shlándáil phríobháideach chun a chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leasa tomhaltóirí fad is atá na caighdeáin chuí á mbunú, á gcur chun cinn, á monatóiriú agus á gcur i bhfeidhm.**

## CLÁR na nÁBHAR


**Réamhrá an Chathaoirligh**

**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh**

**Ról an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach (ÚSP)**

**Bunchuspóir agus Luachanna**

**Bord an Údaráis**

**Foireann Ardbhainistíochta**

**Rialachas Corparáideach**

**Sracfhéachaint ar 2015**

**Plean Straitéiseach 2014-2017**

**Dul chun cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis**

**Tuarascáil Airgeadais an Údaráis**

**Aguisíní**

**Sonraí Teagmhála**



## Réamhrá Noel Lappin, Cathaoirleach an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach

Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach a chur i láthair arís eile. In 2015, cuireadh béim ar rolladh amach sainordú an Údaráis. Cé nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a raibh súil leis, táim muiníneach go gcuirfear tús le ceadúnú na n-earnálacha eile go luath.

I rith na tréimhse seo, ba shoiléir don Bhord go mbaineann fadhb acmhainní le hoibríochtaí a choinneáil ar siúl agus leis an seasamh ceart a thabhairt don Údarás don saol atá romhainn Mar a luaigh mé i dtuarascáil na bliana seo caite, tiocfaidh athrú ar gníomhaíochtaí an Údaráis, ó rialacháin a rolladh amach agus caighdeáin a eisiúint go hiad a chur i bhfeidhm agus caighdeán na seirbhíse a chinntiú. Mar a luadh freisin, de bharr forbairtí ó thaobh teicneolaíochta de, is gá go mbeidh an tÚdarás réidh le déileáil le hearnáil ardteicniúil slándála. Chuige sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, ar infreastruchtúr, ar chórais, ar theicneolaíocht agus ar reachtaíocht chun a chinntiú go bhfanann an tÚdarás oiriúnach dá fheidhm.

Cé nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a bhí ag teastáil ón Údarás maidir le rolladh amach sainordú an Údaráis, i measc buaicphointí na bliana bhí: ceadúnú earnáil na nImscrúdaitheorí Príobháideacha, dul chun cinn maidir le Glasadóirí; agus córas athbhreithnithe maidir le ceadúnú aonair, rud a thug isteach córas níos éifeachtúla, agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de, le haghaidh ceadúnaithe. Ceaptar go dtiocfaidh a thuilleadh feabhais ar seo nuair a thiocfaidh an córas iarratais ar líne i bhfeidhm in 2016.

I mbliana an chéad bhliain a bhí Paul Scallan ina ról nua mar Phríomhfheidhmeannach agus ba mhaith liom é a thréaslú as na hiarrachtaí ar fad a rinne sé laistigh den Údarás agus as a rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara freisin, iarrachtaí agus rannpháirtíocht a bhronn iomrá níos fearr ar an Údarás.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do chomhaltaí an Bhoird as ucht a gcuid oibre le linn na bliana agus ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil do Paul agus dá fhoireann ar fad as a n-iarrachtaí agus as a dtacaíocht ar fad i gcaitheamh na bliana.



**Réamhrá Paul Scallan, Príomhfheidhmeannach**

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis le haghaidh 2015 a chur i láthair. Is cuntas í ar ghníomhaíochtaí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach le linn mo chéad bliana mar Phríomhfheidhmeannach. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh d’obair na hearnála slándála ar son shochaí na hÉireann. Gach aon lá, bíonn lucht na hearnála seo ina gcosantóirí ar earraí ar luach na billiún Euro agus cinntíonn siad sábháilteacht agus slándáil na milliún duine agus ngnóthas. I gcúinsí mar seo, is ríthabhachtach ról an Údaráis i rialú na hearnála trí chaighdeáin a ardú ar mhaithe leis an bpobal a chosaint.

Le linn 2015, bhí drochthionchar ar chur i bhfeidhm sainordú an Údaráis ag an laghdú acmhainní a tharla mar thoradh ar fholúntais bhainistíochta. Ach in ainneoin an dúshláin sin, cuireadh trí mhórghníomh i gcrích: ceadúnú na gconraitheoirí in earnáil na nImscrúdaitheorí Príobháideacha; fad na gceadúnas aonar a fhadú ó dhá bhliain go trí bliana; agus riachtanais nua traenála a chur i bhfeidhm le haghaidh fostaithe in earnáil an Airgid faoi Bhealach. Ba chuid lárnach de mo chéad bhliain in oifig feabhsú na cumarsáide idir an earnáil seo agus an pobal. Chuige sin, láinseáladh suíomh Gréasáin nua an Údaráis agus tháinig méadú ar an méid idirghníomhaíochta idir an earnáil seo agus an pobal trí sheimineáir agus trí mhóraonaigh a reáchtáil. Cé go bhfuilimid ar gcúl sa sceideal in áiteanna eile, in 2016 táim lánchinnte go ndéanfaimid athghabháil ar chuid den nirt a chailleamar le bliain anuas.

Agus ceadúnú á leathnú againn go hearnálacha nua, tá méadú mór ag teacht ar líon na n-iarratas agus na gceadúnaithe lena mbímid ag déileáil. In 2015, thosaíomar ar chórais nua TFC/ICT a fhorbairt chun seachadadh seirbhísí d’ár gcustaiméirí a fheabhsú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe san Údarás as an obair chrua a rinne siad agus as a n-iarracht ar fad le linn na bliana. Táim fíorbhuíoch díobh freisin as an díograis a bhíonn acu i gcónaí i rith an athraithe atá á dhéanamh againn ó chóras próiseála ar pháipéar go ceann nua teicneolaíoch. Tá bród orm a bheith i mo bhall d’fhoireann chomh díograiseach sin.

Maidir le baint amach ár gcuspóirí, is ríthábhachtach rannpháirtíocht ár bpáirtithe leasmhara go léir, idir iad siúd san earnáil féin agus iad siúd taobh atá amuigh di. Is fíorthábhacht don earnáil agus don Údarás an obair a dhéanaimid le chéile sna hearnálacha ar fad chun caighdeáin a ardú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil dóibh siúd ar fad a raibh teagmháil againn leo le linn na bliana agus ar thug tacaíocht dúinn i rialúcháin a thabhairt chun críche.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht ár mBoird. Is buanseasmhach a dtiomantas dár sainordú reachtaíochta i gcónaí. Rinne a gceannaireacht treo straitéiseach an Údaráis a mhúnlú agus táim buíoch as an gcomhairle agus as an gcúnamh ar fad a thug siad dom le linn na bliana.

# Ról an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach



**Oifigí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach, Sráid an Dáibhisigh, Tiobraid Árann**

Is é an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach (ÚSP) atá freagrach as rialú na hearnála um shlándáil phríobháideach. Bunaíodh é ag na hAchta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011. Is é an ról atá againn pobal agus cliaint na hearnála slándála a chosaint trí thimpeallacht rialála caighdeán a chothú le haghaidh gnóthais agus daoine atá ag obair san earnáil slándála. Tá ÚSP freagrach as córas ceadúnaithe atá cuimsitheach agus caighdeán-bunaithe a thabhairt isteach, a rialú agus a bhainistiú. Ceadúnú iad siúd a chuireann seirbhísí slándála ar fáil príomhfhreagracht an Údaráis, agus caighdeáin agus cáilíochtaí a fheabhsú agus a choinneáil a phríomhchuspóir. Oibríonn ÚSP i gcomhpháirtíocht le fostóirí agus le fostaithe araon chun caighdeáin san earnáil a ardú chun leasa an tomhaltóra, an phobail agus na sochaí.

Le linn 2015, leathnaíodh ceadúnú chuig conraitheoirí in earnáil na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha mar chuid do chlár an Údaráis chun ceadúnú a rolladh amach d'earnálacha eile na mórearnála seo. Faoi dheireadh na bliana, bhí ceadúnas ag 83% de na gnóthais agus ag 82% de na daoine aonair ar fad a bhí le ceadúnú. Leanfar ar aghaidh le rolladh amach ceadúnas in 2016. Tá súil go gcuirfear i gcrích an obair maidir le ceadúnú atá á déanamh in earnáil na nGlasadóirí agus le daoine ar Doirseoirí Slándála iad. Is beag an réimse conraitheora a chuireann seirbhísí ríthábhachtacha slándála ar fáil agus atá fós le ceadúnú, agus in go leor cás, is trádálaithe aonair iad gan mórán fostaithe acu, nó b'fhéidir gan fostaithe ar bith. Maidir le daoine aonair, is iad slándáil le haghaidh ócáidí agus slándáil leictreonach na réimsí is mó ata fágtha gan cheadúnú. Cuirfear tús leis an obair ar na réimsí sin chomh luath agus a mbeidh na hacmhainní ann.

## Seo iad príomhfheidhmeanna an ÚSP:

- Rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar na daoine a chuireann seirbhísí slándála ar fáil agus caighdeáin maidir le cur ar fáil na seirbhísí seo a choinneáil agus a fheabhsú.
- Ceadúnais a dheonú agus a athnuachan.
- Cártaí aitheantais a eisiúint do cheadúnaithe
- Ceadúnais a chur ar fionraí nó a chúlghairm
- Clár ceadúnaithe a bhunú agus a choinneáil
- Sonrú a dhéanamh ar na caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á gcur ar fáil
- Sonrú a dhéanamh ar na cailíochtaí nó na riachtanais le haghaidh ceadúnas a dheonú
- Tionscadail taighde, nó gníomhaíochtaí atá riachtanach le haghaidh phleanáil, fhorbairt agus sholáthar na seirbhísí sin, a chur ar bun nó a choimisiúnú.
- Imscrúdú a dhéanamh ar na seirbhísí slándála atá á soláthar ag daoine
- Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán a chur ar bun agus a riar.
- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí slándála go ginearálta.
- Teagmháil a dhéanamh le ceadúnaithe.
- Comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hábhair a bhaineann leis na feidhmeanna thuasluaite, agus an Aire a chur ar an eolas faoi fhorbairtí a chabhródh le beartas a fhorbairt.

# Bunchuspóir agus Luachanna

Ar mhaithe le sainordú an Údaráis chun an pobal a chosaint agus caighdeáin na hearnála um shlándáil phríobháideach a fheabhsú, táimid tiomanta don sainordú agus do na luachanna seo a leanas.

## Seo é Sainordú an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach:

> Rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ndaoine a bhíonn bainteach leis an earnáil um shlándáil phríobhaideach chun a chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leasa tomhaltóirí fad is atá na caighdeáin chuí á mbunú, á gcur chun cinn, á monatóiriú agus á gcur i bhfeidhm.

## Is é seo an Fís atá againn:

Déanfaidh earnáil ceadúnaithe agus fiosraithe a bhfuil ardchaighdeáin fheidhmiúcháin agus shaineolais aici leasa tomhaltóirí a chosaint. Coimeádfar ar siúl an fhís seo trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar sholáthróirí ceadúnaithe uile agus trí ghníomhaíocht shonrach i leith duine ar bith a sháraíonn caighdeáin. Samhlóimid earnáil a mbeidh na tréithe seo a leanas aici:

- Cur i bhfeidhm láidir a mbeidh athrú ó bhonn an tionscail mar thoradh air
- Leibhéil fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais
- Laghdú ó thaobh coiriúlachta de
- Ceadúnú a rolladh amach i réimsí nach bhfuil ceadúnaithe fós

Samhlóimid Údarás um Shlándáil Phríobháideach a mbeidh na rudaí seo a leanas aige:

- Acmhainní go leor chun seirbhísí a sholáthar
- Seirbhís feabhsaithe seachadta

## Is iad seo a leanas na Luachanna lena gcloímid agus ár ngnó á dhéanamh againn:

- Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil agus le páirtithe cuí leasmhara eile chun creat rialála a fhorbairt as a mbainfidh soláthróirí seirbhíse agus an pobal i gcoitinne leas.

- Seirbhíse custaiméirí atá ar ardchaighdeáin a chur ar fáil do cheadúnaithe reatha, d'iarratasóirí nua ar cheadúnais agus do thomhaltóirí na seirbhísí slándála príobháidí.

- Costais a laghdú

- Ár ngnó a dhéanamh ar bhonn trédhearcach, cothrom agus comhréireach.

- A bheith mar eiseamláir d'fhostóirí eile trí chúinsí a chothú inar féidir le fostaithe go leor acmhainní a bheith acu agus na scileanna cuí a fhorbairt chun a ndícheall a dhéanamh agus an cumas agus an mianach atá iontu a bhaint amach.

- Dlúthchaidrimh oibre a choinneáil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a mbíonn tionchar díreach ag sainchúram an ÚSP ar a gcuid gnó nó oibre.

- Cúinsí níos sábháilte a chur ar fáil don phobal i gcoitinne lena chinntiú go gcuirfear deireadh le féidearthacht ar bith coiriúlachta a bheith laistigh den earnáil.



# Bord an Údaráis

## Comhaltaí an Bhoird

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Coimisinéir Cúnta Derek Byrne** | Ionadaí an Gharda Síochána |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí na bhFostóirí |
| **Helen Curley** | Ionadaí an Aire Post , Fiontar agus Nuálaíocht |
| **Arthur Hall** | Ionadaí na bhFostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Mary Rose Kinane** | Ionadaí na Foirne |
| **Freda O'Dowd** | Ionadaí na bhFostóirí |
| **Ann Reid** | Ceapaí Lánroghnach gan Sainmhíniú |
| **Marion Walsh** | Ionadaí an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **Christy Waters** | Ionadaí na bhFostaithe |

## Foireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Seamus Burke** | Príomhchigire |
| **Siobhán Carew** | Ceannasaí Ceadúnaithe Aonair (Gníomhach) |
| **Grace Grant** | Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta dá chinntiú go n-oibríonn ÚSP i gcónaí de réir dea-chleachtais chorparáidigh. Is é seo a leanas an t-ábhar is treoir do Rialachas Corparáideach an ÚPS:

- Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na Rúnaithe Ginearálta agus na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)
- Nósanna Imeachta maidir le hAirgead Poiblí/Nósanna Imeachta don Soláthar Poiblí
- Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála
- Cód Cleachtais Bord an ÚSP le haghaidh Comhaltaí Boird

Chomh maith leis an ábhar thuasluaite, comhlíonann ÚSP gach treoir eile ilghnéitheach a bhaineann le rialachas corparáideach agus a eisíonn an Roinn ó am go ham ar son na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó Roinn ar bith eile an Rialtais. Mar sin, déantar cinnte go gcuirtear in áit struchtúir agus próisis chuí chun go gcoinnítear an leibhéal is airde rialachais corparáideach.

Is ann do nósanna imeachta chun a chinntiú go gcomhlíonann comhaltaí an Bhoird agus foireann an ÚSP a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Tá Coiste Iniúchóireachta curtha ar bun ag an mBord chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí airgeadais an ÚSP. Tá ÚSP faoi réir iniúchta ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí, Cirt agus Comhionannais agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. In 2015, chuir an Príomhfheidhmeannach foireann iniúchóireachta ÚSP ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí uile gnó. Déantar soláthar de réir Treoirlínte agus Beartas maidir le Soláthar Poiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as a dhualgais ar fad a chomhlíonadh agus as eolas a thabhairt don Bhord maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin mar a leagtar amach sa reachtaíocht. Coimeádann an Príomhfheidhmeannach Tuairisc ar Bhainistíocht Riosca agus cuirtear i láthair í ag gach cruinniú Boird. Is é aidhm an chláir a chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar measúnú ar rioscaí, agus go gcuirtear in áit gníomhaíochtaí maolaithe riachtanacha, áit a bhfuil go leor acmhainní le fáil.

I dtreo dheireadh na bliana, ghlac an Bord ballraíocht i bhFóram Rialachais an Fhorais Riaracháin (IPA). Feabhsóidh sé seo ár dtuiscint ar fhorbairtí leanúnacha maidir le rialachais, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil chun eispéireas a roinnt le gníomhaireachtaí eile.

# Rialachas Corparáideach

Tháinig Bord an ÚSP le chéile 6 huaire i rith 2015. Tugann an tábla thíos achoimre ar an bhfreastail ar na cruinnithe sin:

| Ainm | 26/01/15 | 23/02/15 | 23/03/15 | 22/06/15 | 15/09/15 | 16/11/15 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Ann Reid** | x | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Padraic Cafferty** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Freda O'Dowd** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| ***Arthur Hall** | x | x | x | x | x | x |
| **Derek Byrne** | √ | x | x | √ | x | √ |
| **Christy Waters** | √ | √ | √ | √ | √ | x |
| **Helen Curley** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Mary Rose Kinane** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Marion Walsh** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Geraldine Kelly** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |

*** Arthur Hall - as láthair de bharr trombhreoiteachta Fuair sé biseach iomlán ó shin.**

Chuir an Coiste Iniúchóireachta 5 thuairisc faoi bhráid an Bhoird i rith na bliana, tuairiscí a bhain lena leithéid agus:

- Tuarascáil 2014 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Meastóireacht ar Fheidhmíocht an Bhoird
- Ráitis Airgeadais 2014
- Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí 2014
- Soláthar

D'fhreastail an Coiste Iniúchóireachta ar ócáid de chuid an Fhóraim Rialachais ar eagraigh an Foras Riaracháin é.

# Sracfhéachaint ar 2015

1,006 Conraitheoir a bhfuil ceadúnas acu
Ag Deireadh na Bliana
(2014: 895)

28,781 Duine a bhfuil Ceadúnas Aonair acu
Ag Deireadh na Bliana
(2014: 27,681)

Ceadúnas Nua 3 Bliana
le haghaidh Daoine Aonair

Ioncam ó Tháillí
€2,713,087
(2014: €2,862,304)

Leathnaíodh
Ceadúnú Gnóthais
d'Imscrúdaitheoirí
Príobháideacha

39 Fostaithe
(2014) 39)

16,249 Iarratas
Próiseáilte
(2014) 16,129)

1,098 Cásanna
Forfheidhmithe
(2014: 1,902)

# Plean Straitéiseach 2014-2017

In Iúil 2014, láinseáladh an tríú plean straitéiseach de chuid an ÚSP le haghaidh na tréimhse 2014-2017. Seo iad na rudaí atá mar aidhm ag an stráitéis seo:

- rialú a chur i gcrích i réimsí eile den earnáil slándála nach bhfuil rialú déanta orthu fós
- treoir agus amlíne straitéiseach a leagan amach le haghaidh cur i gcrích na hoibre seo
- a chinntiú go bhfuil an infreastruchtúir riachtanach ag an ÚSP chun córas rialála éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil le haghaidh earnálacha nua agus earnálacha reatha na hearnála

B'as an bPlean Straitéiseach a tháinig an creat faoinar oibríomar i rith 2015. Agus an Plean Straitéiseach a úsáid againn, d'fhorbraíomar Plean Gnó don bhliain, Plean Gnó a thug an modh dúinn ár gcuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Phlean Stráitéisigh seo:

**Cuspóir 1: Leanúint ar aghaidh le rialú céimnithe na hearnála slándála príobháidí.**

**Cuspóir 2: Comhlíonadh na riachtanais ceadúnaithe a chinntiú.**

**Cuspóir 3: Caighdeáin a ardú laistigh den earnáil.**

**Cuspóir 4: Cáilíocht agus minicíocht chumarsáide a fheabhsú.**

**Cuspóir 5: Forbairt Foirne.**

**Cuspóir 6: Ról na gcigirí ÚSP a bharrfheabhsú maidir le deimhniúchán a mhaoirsiú.**

## Sracfhéachaint ar 2015

Cuspóir 1
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a rialú

Ceadúnas nua 3 Bliana le haghaidh Daoine Aonair

Cuspóir 2
Cuairteanna Comhlíontachta a thabhairt ar níos mó ná 7,000 gnóthas

Cuspóir 3
Clár nua Oiliúna le haghaidh Fostóirí Airgid ar Bhealach

Cuspóir 4

Láinseáladh suíomh Gréasáin nua

3 Sheimineár Earnála

Cuspóir 5

Cúrsaí curtha ar fáil do Bhaill Foirne I Réimse Disciplíní


Cuspóir 6
Comhtháthú feabhsaithe i Struchtúr an ÚSP maidir leis an bPróiseas Deimhniúcháin

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 1: Leanúint ar aghaidh le rialú céimnithe na hearnála slándala príobhaidí.

**Dul chun cinn Rialála**

I rith 2015, leanamar orainn ag déanamh dul chun cinn ar an sainordú rialála atá againn. Le ceadúnú earnáil na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha, tá 83% d'ár tsainordú rialála bainte amach againn ó thaobh ceadúnú Gnóthais, agus 82% maidir le ceadúnú daoine aonair.




**Figiúr 1 Forléargas ar ghnóthais san earnáil, ina léirítear gnóthais atá ceadúnaithe/gnóthais atá fós le ceadúnú**


Aithnítear sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháideacha na 8 seirbhís slándála seo a leanas atá faoi réir rialúcháin ag an ÚSP

- Doirseoir Slándála
- Suiteálaí Trealamh Slándála
- Glasadóir
- Imscrúdaitheoir Príobháideach
- Soláthróir Modhanna Iompair Chosanta
- Sainchomhairleoir Slándála
- Garda Slándála
- Soláthróir nó Suiteálaí Taisceadán

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

Ba chuid do Phlean Straitéiseach an Údaráis ceadúnú Gnóthais a chur i gcrích faoi dheireadh 2015 agus ceadúnú Aonair a chur i gcrích faoi dheireadh 2016. Ar an drochuair, ní raibh ann do na hacmhainní a bhí beartaithe sa Phlean chun na gealltanais sin a chur i ngníomh. Dá bharr sin, rinneadh dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás gach cuspóra.

Cé gur mhall an dul chun cinn, leanadh ar aghaidh le hobair an Phlean Straitéisigh. Cuireadh i ngníomh ceadúnú na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha; tugadh isteach ceadúnas nua 3 bliana le haghaidh daoine aonair; agus leathnaíodh agus feabhsaíodh bealaí cumarsáide le ceadúnaithe agus le daoine eile. Leanamar orainn ag déanamh plé leis an earnáil slándála maidir le: tabhairt isteach ceadúnaithe in earnálacha nua; oiliúint agus caighdeáin fheabhsaithe; agus treo an rialúcháin amach anseo.




**Figiúr 2 Forléargas ar ghnóthais san earnáil, ina léirítear daoine aonair atá ceadúnaithe/atá fós le ceadúnú.**

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

**Ceadúnú Gnóthais**

Ba gharsprioc ríthábhachtach sa bhliain ceadúnú na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha i mí na Samhna. Fuarthas níos mó ná 130 iarratas ar cheadúnú Imsrúdaitheora Phríobhaidigh agus faoi dheireadh na bliana, bhí 64 ceadúnas eisithe. Faoi dheireadh na bliana, ba 1,223 líon iomlán na gceadúnas i gcúrsaíocht: méadú ó 1,069 ag deireadh 2014. Tháinig méadú ar líon na gceadúnas san earnáil Slándála Leictreonaí ó 666 in 2014 go 733 ag deireadh 2015. Tháinig méadú ar na hearnálacha seo a leanas freisin: Doirseoir Slándála (Slándáil le haghaidh Ócáidí) - méadú 17; Garda Slándála (Slándáil le haghaidh Ócáidí) - méadú 20; agus Monatóireacht TCI (Teilifís Chiorcaid Iata) - méadú 7. Tháinig laghdú ar líon na gceadúnaithe sna hearnálacha seo a leanas: Doirseoir Slándála (Áitreabh Ceadúnaithe) agus Garda Slándála (Statach). Tháinig méadú ar líon iomlán na gconraitheoirí i seilbh ceadúnais ó 895 ag tús na bliana go 1,006 ar an 31 Nollaig 2015.

In 2015, ba €1,000,750 táillí na gceadúnas le haghaidh conraitheoirí i gcomparáid le €1,271,113 in 2014. Líon na n-athnuachan sna rébhlianta (de bharr an timthrialla dhá bliana) is cúis leis an difríocht seo. Ba é €963,654 figiúr na dtáillí incomparáide in 2013.

**Tabla 1 Comparáid idir Líon na gCeadúnas a eisíodh i ngach earnáil sna blianta 2011-2015**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA (ÁITREABH CEADÚNAITHE) | 65 | 65 | 61 | 64 | 55 |
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA (SLÁNDÁIL LE HAGHAIDH ÓCÁIDÍ) | N/B | N/B | N/B | 27 | 44 |
| GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT ALARAIM) | 30 | 31 | 30 | 39 | 39 |
| GARDA SLÁNDALA (MONATÓIREACHT TCI) | N/B | N/B | N/B | 21 | 28 |
| Garda Slándala (Slándáil le haghaidh Ócáidí) | N/A | N/A | N/A | 31 | 51 |
| Garda Slándala (Statach) | 233 | 208 | 204 | 214 | 202 |
| SUITEÁLAÍ SLÁNDÁLA LEICTREONACH | 490 | 497 | 600 | 666 | 733 |
| AIRGEAD FAOI BHEALACH | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 |
| IMSCRÚDAITHEOIR PRÍOBHÁIDEACH | N/B | N/B | N/B | N/B | 64 |
| IOMLÁN | **825** | **808** | **902** | **1,069** | **1,223** |

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

Fuarthas 660 iarratas conraitheora le linn na bliana: 287 iarratas céaduaire; 362 iarratas athnuachana; agus 11 iarratas chun earnáil/earnálacha a chur le ceadúnas a eisíodh cheana féin.

Athnuachan Ceadúnais

Bhí 343 (93%) de na 368 conraitheoirí a bhí sceidealaithe chun a gceadúnas a athnuachan le linn na bliana tar éis é sin a dhéanamh faoi dheireadh na bliana. De bharr na teagmhála leanúnaí a dhéanaimid le conraitheoirí aimsir na hathnuachana, tá an ráta neamh-athnuachana tar éis titim go 7%, an ráta is ísle ó tosaíodh ar cheadúnú.

Ceadúnais a diúltaíodh

Dhiúltaíomar 44 (7%) iarratas le linn 2015, sin ísliú ó 11% in 2014. Rinne 31 díobh siúd iarratas bailí ina dhiaidh sin. Diúltaíodh 4 iarratas ós rud é nár chomhlíon an t-iarratasóir na riachtanais ceadúnaithe. In 2015, ní dhearnadh achomharc do Bhord um Achomhairc an Údaráis Slándála ar chinneadh conraitheora ar bith.

Ceadúnais Shealadacha

Fuarthas 81 iarratas nua ar cheadúnais shealadacha in 2015 agus d'eisíomar 118 ceadúnais shealadacha ar fad. Eisítear ceadúnais shealadacha do gach conraitheoir nua san earnáil Slándála Leictreonaí ionas go mbeadh siad in ann córais a shuiteáil ar mhaithe le baint amach na gcaighdeán ceadúnaithe atá riachtanach. Ag deireadh na bliana, bhí 66 ceadúnas sealadacha i gcúrsaíocht.




**Iar-Phríomhfheidhmeannach an ÚSP, Geraldine Larkin, agus an Príomhghradam ag ócáid Ghradam Bliantúil Chumann Earnáil Slándála na hÉireann (ISIA) á fháil aici. Fuair sí an gradam sin chun aitheantas a léiriú ar a cuid oibre maidir le rialú agus ceadúnú a thabhairt isteach in earnáil na slándála.**

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

An Chúirt Uachtarach

Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2015, tháinig achomharc de chuid ÚSP ar Chinneadh Ard-Chúirte a ndearnadh in 2009 os comhair na Cúirte Uachtaraí. Ábhar an achomhairc nár ghlac an Bord Achomhairc páirt in imeachtaí Athbhreithniú Breithiúnach arna thógáil ina gcoinne ag conraitheoir. Dá bharr sin, bhí ar an ÚSP cur i gcoinne chás an chonraitheora. Cloíodh leis an Athbhreithniú Breithiúnach agus dámhadh costais i gcoinne an ÚSP. Ról an Bhoird Achomhairc an chúis a thug ÚSP an t-achomharc seo chuig an gCúirt Uachtarach. Tarraingíodh siar an t-achomharc ar 5 Samhain 2015 i ndiaidh plé leis an Roinn agus i ndiaidh gealltanas a fháil maidir le hAthbhreithnithe Breithiúnach sa todhchaí.

**Ceadúnú Aonair**

I mí na Nollag, tugadh isteach ceadúnas nua 3 bliana le haghaidh daoine aonair, agus to-saíodh ar chostas bliantúil ceadúnas a ísliú mar thoradh air sin. Athdhearbhaíonn sé sin tiomantas an Údaráis do chostas rialúcháin le haghaidh ceadúnaithe a laghdú agus is leanúint é sin ar an laghdú ar tháillí conraitheora in 2013.

Bhí 28,781 aonair i gcúrsaíocht ag deireadh Mhí na Nollag, sin méadú 1,100 ar an líon a bhí ann in 2014. Tháinig méadú ó 15,639 go 16,552 ar líon na gceadúnas in earnáil na nGarda Slándála (Statach). Tháinig méadú freisin ar líon na gcomhcheadúnas Doirseoir Slándála/Garda Slándála (méadú 427) agus líon na gceadúnas Airgid faoi Bhealach (méadú 89). Leanadh ar aghaidh leis an laghdú i líon na gceadúnas Doirseoir Slándála ó 4,632 go 4,302. Bhí an laghdú sin ag tarlú ó bhí 2009 ann.

**Tabla 2 Comparáid idir Líon na gCeadúnas a eisíodh i ngach earnáil sna blianta 2011-2015**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| AIRGEAD FAOI BHEALACH | N/B | N/B | 687 | 1,050 | 1,139 |
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA (ÁITREABH CEADÚNAITHE) | 6,283 | 5,733 | 5,331 | 4,632 | 4,302 |
| GARDA SLÁNDÁLA(STATACH) | 17,599 | 16,573 | 17,869 | 15,639 | 16,553 |
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA/ GARDA SLÁNDÁLA COMHCHEANGAILTE | 3,978 | 4,632 | 5,352 | 6,360 | 6,787 |
| **IOMLÁN** | **27,860** | **26,938** | **29,239** | **27,681** | **28,781** |

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

Iomlán na dtaillí ceadúnas aonair sa bhliain €1,712,337 i gcomparáid le €1,591,191 in 2014. Mar a bhí i gceist le ceadúnú conraitheora, is é an timthriall dhá bhliana is cúis leis an difríocht sin sna táillí. €1,623,621 na táillí comparáideacha in 2013. De bharr an cheadúnais nua 3 bliana, bainfidh méadú leis an ioncam ó thaillí in 2016 agus in 2017, agus bainfidh laghdú leis in 2018.

**Tábla 3 Strúchtúr Nua Táillí maidir le Ceadúnú Aonair**

| Táille | Na hEarnála |
|---|---|
| AIRGEAD FAOI BHEALACH | €150 |
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA (ÁITREABH CEADÚNAITHE) | €150 |
| GARDA SLÁNDÁLA (STATACH) | €90 |
| DOIRSEOIR SLÁNDÁLA/GARDA SLÁNDÁLA COMHCHEANGAILTE | €220 |

Iarratais ar Cheadúnais

Fuarthas 15,589 iarratas ar cheadúnais aonar in 2015. Diúltaíodh 2,632 (17%) de na hiarratais sin ar chúiseanna éagsúla, ar nós ganntanas doiciméadacht tacaíochta, doiciméadacht a bhí comhlíonta go mícheart agus easpa íocaíochta. In 2014, 16% an ráta diúltaithe agus bíonn tionchar ag na rátaí arda leanúnach sin ar acmhainní. Athchuireadh isteach formhór na n-iarratas sin mar iarratais bhailí i ndiaidh a ndiúltú. Déantar cíoradh ar phróisis iarratais an Údaráis in 2016 ar mhaithe leis an ráta seo a laghdú.

As an 12,957 iarratas bailí a fuarthas, iarratais chéaduaire 4,736 díobh agus athnuachaintí 8,221 díobh. Bhí méadú ollmhór ann ó thaobh úsáid an phróisis iarratais ar líne. Rinneadh 53% de na hiarratais bhailí ar fad ar líne, sin méadú ó 23% in 2014. Le linn na bliana, cuireadh tús le hobair ar chóras athnuachana ar líne agus nuair a bheidh an córas sin beo in 2016, próiseálfar gach athnuachan ar líne ansin.

Rinneadh athnuachan ar 6,005 (52%) de na 11,595 ceadúnas a d’imigh as feidhm le linn na bliana. Bhain níos mó ná 400 d’iarmhar an fhigiúr athnuachana le 2014 agus bhain an chuid eile den fhigiúr sin le ceadúnais a imeoidh as feidhm le linn 2016. Bíonn gá le han-chuid acmhainní chun déileáil le hathnuachaintí déanacha agus cabhróidh an córas nua athnuachana ar líne chun deireadh a chur leis sin.

**Tábla 4 Tionchar na gCeadúnas a d'imigh as feidhm agus a eisíodh in 2015**

| | Ceadúnais Imithe as Feidhm | Ceadúnais Athnuaite | Ceadúnais Nár Athnuadh | Ceadúnais Chéaduaire a Eisíodh | Iomlán na gCeadúnas a Eisíodh | Athrúchán: Ceadúnais a Eisíodh i gcomparáid le Ceadúnais a d'imigh as Feidhm |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2015** | **11,595 (100%)** | **6,005 (52%)** | **5,590** | **4,503 (39%)** | **10,508 (91%)** | **-1,087 (-9%)** |

Mar is léir ón tábla thuas, b'ísle líon na gceadúnas céaduaire a eisíodh in 2015 ná líon na gceadúnas nár athnuadh. In 2016, leanfaidh ar aghaidh le teacht isteach na n-athnuachaintí déanacha ó 2015 agus ba chóir go laghdófaí níos faide fós an bhearna atá eatarthu. Míniú amháin ar an treocht seo is ea go bhfuil níos mó fostaíochta ar íocaíocht níos airde le fáil anois mar thoradh ar an bhfeabhas atá tagtha ar chúrsaí geilleagar. Feicimid linn an mbeidh tionchar ag an Ordú nua Rialaithe Fostaíochta ERO) ar leibhéil na n-athnuachaintí.

<u>Diúltiú agus Achomhairc</u>

Dhiúltaíomar do 62 iarratas ar cheadúnas i rith 2015. Is féidir le daoine atá neamhshásta le cinneadh de chuid ÚPS achomharc a dhéanamh do Bhord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach. B'ann do 21 achomharc i rith na bliana. I gcás 13 chás, seasadh le cinneadh an ÚPS, cuireadh ar ceal an cinneadh in 2 chás agus ní raibh cinneadh fós déanta i gcás 6 achomharc faoi dheireadh na bliana.



# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 2: Comhlíontacht le riachtanais cheadúnaithe a chinntiú

Cuid lárnach d'obair an Údaráis comhlíontacht a chinntiú leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándálá Príobháideacha agus leis na Rialacháin a dhéanann ceadúnú a rialú. In 2015, rinneadh foireann forfheidhmithe an údaráis a neartú trí 14 chigire atá bunaithe ar fud na tíre a earcú. Ligeann sé seo dúinn díriú ar ár ngníomhaíochtaí comhlíontachta ar bhonn níos éifeachtaí agus freagairt níos tapúla a thabhairt ar thuairiscí faoi neamhchomhlíontacht.

Is áis thábhachtach na tuairiscí faisnéise a fhaightear ón earnáil agus ón bpobal chun an lámh in uachtar a fháil ar neamhchomhlíontacht, agus chun acmhainní cigireachta an Údaráis a úsáid sa tslí is fearr. Fuarthas 286 tuairisc fhaisnéise in 2015 i gcomparáid le 290 an bhliain roimhe sin. Ní dhearnadh aon fhiosrú ar 23% de na cásanna sin ós rud é go ndearnadh fiosrú orthu cheana féin, nár leor an fhianaise nó go raibh ceadúnas ag an conraitheoir. Coinnítear an fhaisnéis áit nach ndéantar fiosrú ar an gcás agus má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an ábhar céanna, déantar athbhreithniú ar an gcás féachaint an cóir fiosrú a thosú.

Ba chuid den 1,098 cás forfheidhmithe a osclaíodh le linn na bliana an 236 tuairisc fhaisnéise ar a ndearnadh fiosrú. Seo laghdú ar an 1,902 cás a osclaíodh in 2014 ach athdháileadh na hoibre a rinne cigirí seachtracha an Údaráis is cúis leis seo. Ní osclaímid cás forfheidhmithe le haghaidh obair chigire seachtraí ach amháin áit is gá le tuilleadh fiosruithe de réir thuairisc an chigire.

Comhlíontacht Conraitheora

In 2015, tugadh faoi 132 fiosrúchán conraitheora inar thugamar cuairt ar shealbhóirí ceadúnais agus ag déanamh fiosrúcháin ar a dtaifid chun a chinntiú go gcomhlíonadh an rialacháin ceadúnaithe. Thit líon na gconraitheoirí a bhí iomlán comhlíonach ó 51% in 2014 go 40% i mbliana. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar líon na gconraitheoirí a raibh neamhchomhréreachtaí catagóir 1 acu ó 31% go 44%. Díriú níos fearr ar son an ÚSP is cúis le cuid de seo ach is ábhar imní é go bhfuil leibhéil na neamhchomhréireachtaí chomh hard sin, go mór mór nuair is ann do chóras iniúchta deimhniúcháin chomh maith le fiosrúcháin ÚSP. Tá an cheist seo ardaithe againn cheana féin leis na comhlachtaí deimhniúcháin agus tabharfaimid faoi arís in 2016.

**Tábla 5 Rátaí Comhlíontachta Fiosrúcháin Conraitheora**

| Torthaí | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| **% Iomlán Comhlíontach** | 51% | 40% |
| **% Neamhchomhréireachtaí Catagóir 1** | 31% | 44% |
| **% Neamhchomhréireachtaí Catagóir 2** | 7% | 9% |
| **% Neamhchomhréireachtaí Catagóir 3** | 3% | 5% |
| **% Fiosrúcháin fós ar siúl** | **8%** | 4% |

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

Is cuid ríthábhachtach d'obair fhorfheidhmithe an Údaráis é a chinntiú go n-úsáideann cliaint seirbhísí conraitheoirí agus daoine aonair a bhfuil ceadúnaithe le haghaidh slándáil phríobháideach. An chumhacht chun an cliant a ionchúisiú i gcás soláthróir seirbhíse slándála neamhcheadúnaithe ceann de na háiseanna is éifeachtaí maidir le comhlíontacht riachtanais ceadúnaithe a chinntiú. Rinneadh 36 cás-chliant a fhiosrú in 2015. Cé go bhfuarthas go raibh na rialacháin cheadúnaithe á gcomhlíonadh ag formhór na gcliant, cuireadh deireadh le conarthaí soláthróirí neamhcheadúnaithe i gás 4 cinn de na cásanna.

Is acmhainn thar a bheith luachmhar iad cigirí inmheánacha an Údaráis a ligeann dúinn tabhairt faoi chleachtaí comhlíontachta ar fud na tíre. Ba ar an earnáil slándáil leictreonaí a bhí fócas na gcigirí seachtracha i rith na bliana agus thug siad cuairt ar níos mó ná 7,500 áitreabh gnó. Chomh maith lena chinntiú go gcloítear leis na rialacháin cheadúnaithe, tá ról ríthábhachtach ag na cigirí maidir le teachtaireacht an ÚSP a scaipeadh i measc an luchta ghnó.

<u>Comhlíontacht an Duine Aonair</u>

Is é aidhm chomhlíontacht an duine aonair é a chinntiú go bhfuil ceadúnas ag gach duine a chuireann seirbhísí slándála ar fáil agus go gcloíonn ceadúnaithe leis an riachtanas suaitheantas CA/ID a chaitheamh. Rinneadh 157 fiosrúchán gan coinne ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar réimse gnóthas eile. Rinneadh na fiosrúcháin ar fud na 26 contae san oíche, le linn an lae agus ag an deireadh seachtaine. I gcas roinnt mhaith díobh seo, tugadh faoi chomhfhiosrúcháin leis an nGarda Síochána agus oifigigh na gCoimisineirí Ioncaim. Bhí ceadúnas ag 97% de na daoine aonair ar fad ar casadh leo agus bhí suaitheantas CA/ID á chaitheamh acu.

**Tábla 6 Sonraí na bhFiosrúcháin Aonair le haghaidh 2015**

| Sonraí | Doirseoir Slándála % Neamh-chomhréireachtaí Catagóir 1 | Garda Slándála | Ar an Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Fiosrúcháin** | 87 | 70 | 157 |
| **Áitribh a tugadh cuairt orthu** | 632 | 713 | 1,345 |
| **Áitribh a raibh Slándáil orthu** | 421 | 616 | 1,037 |
| **ar - - Conraitheoirí í** | 182 | 465 | 648 |
| **....Inmheánach** | 231 | 99 | 330 |
| **....Meascán** | 8 | 52 | 60 |
| **Foireann Slándála ar casadh leo** | 1,190 | 775 | 1,965 |
| **Comhlíontacht Suaitheantas CA/ID** | 96% | 99% | 98% |

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

Gníomhaíochtaí Comhlíontachta

I measc na ngníomhaíochtaí ar féidir linn a úsáid nuair a bhíonn na rialacháin cheadúnaithe á mbriseadh ag conraitheoir nó ag duine aonair, tá ionchúiseamh; cúlghairm nó fionraí ceadúnais; nó eisiúint fógra forfheidhmithe. In 2015, tugadh cás ionchúisimh amháin os comhair na cúirte agus cuireadh ar athtráth é go dtí go luath in 2016. Chomh maith leis sin, rinneadh ceadúnas 9 gconraitheoir agus 3 dhuine aonair a gceadúnas a chúlghairm agus cuireadh ceadúnas 2 chonraitheoir agus 4 dhuine aonair ar fionraí ar feadh tréimhse. Eisíodh 66 fógra forfheidhmithe ar an iomlán do chonraitheoirí i rith na bliana. Áit a fuarthas go raibh conraitheoir a bhí tar éis fógra forfheidhmithe a fháil i ndiaidh na rialacháin cheadúnaithe a bhriseadh arís, déantar machnamh ar a cheadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí.

Faoi Alt 39 de na hAchtanna Seirbhísí Slándála Príobháideacha, is féidir le duine gearán foirmiúil a dhéanamh i gcoinne ceadúnaí. In 2015, rinneadh 13 gearán mar sin. Tarraingíodh siar cás amháin ina dhiaidh sin agus thángthas ar chomhréiteach idir na páirtithe i gás ceann eile. Maidir le 7 gcás, níor sheas an ÚPS leis an ngearán agus bhí 4 chás fós faoi fhiosrú ag deireadh na bliana.



# Dul Chun Cinn i gcoinne Cuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 3:  Caighdeáin laistigh den tionscal a ardú

**Caighdeáin**

I ndiaidh comhairliúchán poiblí ar cheadúnú Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a reáchtáladh in Eanáir 2015, foilsíodh an caighdeán don earnáil, *PSA Licensing Requirements – Private Investigators (PSA 42:2015) i mí Lúnasa.* I mí na Bealtaine, shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na rialúcháin. Bhí leagtha amach sna rialacháin sin go dtosódh ceadúnú Imscrúdaitheoirí Príobháideacha ar 1 Samhain 2015.

Ath-thosaíodh an obair ar an gcaighdeán le haghaidh ceadúnú Glasadóirí i dtreo dheireadh na bliana agus tá comhairliúchán poiblí maidir le ceadúnú na hearnála beartaithe le bheith ann go luath in 2016.

**Oiliúint**

I ndiaidh don Ghrúpa Athbhreithnithe Oiliúna riachtanais nua oiliúna a dhréachtú le haghaidh fostaithe Airgead faoi Bhealach, cuireadh i gcúrsaíocht do pháirtithe leasmhara an tionscail an doiciméad críochnaitheach i mí na Nollag 2015 agus breathnóireachtaí á lorg. Foilseofar an doiciméad oiliúna go luath in 2016 agus an teideal seo air: *PSA Licensing Requirements – Training For Cash-In-Transit Employees (PSA 51:2016)*.

Le linn na bliana, thionóil ÚSP cainteanna le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ar mhaithe leis an traenáil nua le haghaidh Doirseoirí Slándála agus Gardaí Slándála a chomhshamhlú isteach i gcúrsaí bailíochtaithe. Bunaíodh Grúpa Forbartha Caighdeán den ÚSP, QQI agus páirtithe eile leasmhara chun an comhshamhlú a mhaoirsiú. Tá na cainteanna á leanúint ar aghaidh agus nuair a thiocfar ar chomhaontú , beidh tréimhse comhairliúcháin poiblí ann.

Is é ÚSP i ról an Údaráis Inniúil ainmnithe le haghaidh tionscail slándála phríobháidigh na hÉireann atá freagrach as cáilíochtaí a fuarthas taobh amuigh de dhlínse na hÉireann agus atá i raon na Treorach um Aithint Cáilíochtaí Frithpháirteacha (Directive 2005/36/EC, arna leasú ag 2006/100/EC) a mheas. Is é aidhm na Treorach sin inghlacthacht na gcáilíochtaí sin a chinntiú maidir le riachtanais íosta ceadúnú an ÚSP a chomhlíonadh. In 2015, d'fhreagair ÚSP 114 ceist maidir le haitheantas cáilíochtaí iasachta.

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 4: Cáilíocht agus minicíocht cumarsáide a fheabhsú

In 2015, rinneadh dul chun cinn maidir le bealaí cumarsáide a fheabhsú. I mí an Mheithimh, láinseáladh suíomh nua Gréasáin an Údaráis, rud a thabharfaidh deiseanna feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear don earnáil, do chliaint agus don phobal. Fuair an suíomh Gréasáin 89,614 amas i rith na bliana.

I mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair, foilsíodh sna nuachtáin náisiúnta fógraí maidir le ceadúnú Imscrúdaitheoirí Príobháideacha. Craoladh 4 fheachtas raidió le linn na bliana a bhí dírithe ar na hEarnálacha Slándála Leictreonach (2), ceadúnú na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha agus caitheamh na suaitheantais CA/ID ag Doirseoirí Slándála agus ag Gardaí Slándála. Foilsíodh 5 eagrán de ríomhiris an Údaráis, *PSA Watch*, in 2015, ina raibh eolas faoi na mór-imeachtaí agus na príomhfhorbairtí araon.

<u>Móraonaigh agus Seimineáir Eolais</u>

I mí dheireadh Fómhair, d'fhreastal an tÚdarás ar Shárthaispeántas Slándáil Gnó i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann agus i mí na Samhna, d'fhreastalaíomar ar Móraonach Slándáil Tí i gCill Dhéagláin, Co. Na Mí. D'eagraigh An Garda Síochana an dá ócáid.

I mí na Bealtaine, tionóladh Fóram Páirtithe Leasmhara le haghaidh páirtithe leasmhara in earnáil an Lárionad Monatóireachta, agus Seimineár Eolais le haghaidh Imscrúdaitheoirí Príobháideacha freisin. Tionóladh Seimineár Eolais ar an Ordú nua Rialaithe Fostaíochta (ERO) imí na Nollag.



# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta

Mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, bhí an foirgneamh ÚSP oscailte don phobal san iarnóin ar an Déardaoin, an 27 Lúnasa ó 12.30 go 16.00. Tugadh turas ar an bhfoirgneamh do chuairteoirí an lae sin, agus tugadh sonraí ar a stair agus ar a athchóiriú dóibh freisin.

# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 5: Forbairt Foirne

Ár bhfoireann an rud is mó a chuireann le rathúlacht an ghnó agus déanaimid iad a spreagadh chun gach aon deis a thapú cur lena scileanna nó chun oiliúint a dhéanamh. Déantar athbhreithniú ar riachtanais traenála arna aithint ag an bhfoireann féin mar chuid den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PDMS) agus cuirtear cúrsaí oiriúnacha ar fáil nuair a lorgaítear iad. Tugadh léargas ar oiliúint Doirseoirí Slándála agus Ghardaí Slándála, oiliúint ar na meáin agus oiliúint cigirí mar chuid den oiliúint a cuireadh ar fáil in 2015.

I mí Aibreáin, i ndiaidh comhairliúcháin leis an bhfoireann, d'fhoilsíomar polasaí cumarsáide inmheánaí. Chomh maith le struchtúir a leagan amach le haghaidh cumarsáide foirmiúil tríd an eagraíocht ar fad, leagtar meicníocht amach sa pholasaí seo a thabharfaidh spreagadh do bhaill foirne páirt a ghlacadh i bplé ar bith a bhaineann le cúrsaí gnó.

Is tábhachtaí linn leas ár bhfoireann agus le linn na bliana, cuireadh baill foirne áirithe ag obair i bpoist nua chun deiseanna a thabhairt dóibh a gcuid eolais ar an ÚSP, agus ar an obair a dhéanann sé, a leathnú. Leanaimid orainn in 2016 ag déanamh plé leis an bhfoireann ar fad ar mhaithe leis an timpeallacht oibre is fearr agus is féidir a chothú.



# Dul Chun Cinn i gcoinne Chuspóirí an Údaráis

## Cuspóir 6: Ról na gcigirí ÚSP a bharrfheabhsú maidir le maoirseacht deimhniúcháin.

Mar a luadh faoi Chuspóir 2, thaispeáin torthaí ár bhfiosrúchán conraitheora gur tháinig laghdú ar mhéid na gconraitheoirí a bhí iomlán comhlíontach ó 51% in 2014 go 40% in 2015. Is ann anois do 6 chomhlacht deimhniúcháin atá faofa ag an ÚSP. In 2015, tógadh na chéad chéimeanna chun iarracht a dhéanamh an treocht sin a aisiompú trí riachtanais a thabhairt isteach maidir le tréimhse iniúchta le haghaidh iniúchtaí deimhniúcháin agus trí neamhcomhréireachtaí a phlé go díreach leo. Tá tús curtha againn freisin leis an bpróiseas chun faomhadh a fháil ar caighdeáin an ÚSP ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

In 2016, déanfaimid anailís ar na neamhchomhréireachtaí mórchúiseacha ar fad atá i gcoinne na n-iniúchtaí deimhniúcháin, agus áit a bhfaighimid torthaí iniúchta atá éagsúil ónár dtuairiscí fiosrúcháin, lorgóimid tuairisc ar an ábhar sin ón gcomhlacht deimhniúcháin. Áit a thagann pátrún chun cinn, nó áit nach dtugann comhlacht deimhniúcháin faoin imní atá orainn, bainfimid an comhlacht deimhniúcháin sin dár liosta de sholáthróirí faofa.

Is é an aidhm atá againn le haghaidh 2016 filleadh ar ráta comhlíontachta a bheidh níos mó ná 50%. Beidh 65% mar sprioc againn faoi dheireadh 2017, agus 75% in 2018. Déanfar a gcaithfear chun na spriocanna seo a bhaint amach.

# Ráitis Airgeadais

## An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

**AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH**

# RÁITIS AIRGEADAIS
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015**

## CLÁR NA nÁBHAR LEATHANACH


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Freagrachtaí Bhaill an Údaráis | 32 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais | 33-34 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncam | 35 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 36 |
| Ráiteas Sreabhadh Airgid | 37 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 38 - 44 |

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN ÚDARÁIS

Faoi Sceideal 1 (4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004, is gá leis an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú de chineálacha ar féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad a fhaomhadh. Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i mbun gnó.
- na háiteanna ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir caighdeán infheidhme cuntasaíochta a lua, faoi réir ag imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chearta cuntais choimeád, a nochtann go réasúnta cruinn am ar bith staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Sceideal 1 (4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004. Tá an tÚdarás freagrach as a shócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 13/6/16

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 13.6.16

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

## RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Admhaímid thar ceann an Údaráis Slándála Phríobháidigh (ÚSP) gurb é ár bhfreagracht é a chinntiú go bhfuil córas cuí i bhfeidhm sa ÚSP maidir le rialú inmheánach airgeadais.

Maidir leis na córais atá i bhfeidhm ag an ÚSP, táimid sásta gur córais réasúnta agus oiriúnacha iad don ÚSP nuair a chuirtear méid na heagraíochta, leibhéal an caiteachais, acmhainní foirne agus cineál na hoibríochtaí a bhíonn ar siúl aige. Ach ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leo a leithéid a thabhairt, nach dtarlóidh earráidí ábhartha.

Tá Cód Rialachais ag an ÚSP, ina chuirtear san áireamh treoirlínte na Roinne Airgeadais, agus a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Faigheann Bord an ÚSP tuairisc an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Sa tuairisc seo, bíonn mionchuntas ar chúrsaí caiteachais agus ioncaim a bhíonn thaifeadta ar bhonn míosúil. Déanann an Bord í a athbhreithniú ag gach cruinniú.

Is é Bord an ÚSP a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha ar fad agus tionóltar é ar bhonn rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna na heagraíochta. Is laistigh den údarás a thugann an Bord di amháin a oibríonn an bhainistíocht feidhmiúcháin chun éifeacht a thabhairt do bheartas agus do chinntí an Bhoird.

Cinntíonn an Bord go gcuirtear an fócas cuí ar dhea-chleachtais maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú leis na treoirlínte iomchuí.

Ullmhaíodh agus cuireadh i bhfeidhm lámhleabhar mionsonraithe faoi nósanna imeachta Tá ioncam faoi réir ag réiteach iomlán agus, áit ar féidir, roinntear go cuí dualgais fhoirne, tar éis aon bhaol a bhaineann leis na dualgais chéanna agus líon teoranta na ball foirne a chur san áireamh. Tá na nósanna imeachta sonracha seo i bhfeidhm chun rialú éifeachtach airgeadais a chur i bhfeidhm.

1. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le: ceannach earraí agus seirbhísí ar fad; na sonraisc ar earraí agus ar sheirbhísí a fhaomhadh; agus údarás a thabhairt d'íocaíochtaí earraí agus seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta maidir leis seo ó am go ham agus cuireadh i ngníomh moltaí a tháinig chun cinn sna iniúchtaí inmheánacha.

2. Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla i gcaitheamh na bliana. Ag gach cruinniú dá chuid, déanann Bord an ÚSP na cuntais bhainistíochta a athbhreithniú. Tá córas ríomhairithe cuntasaíochta i bhfeidhm ag an ÚSP, córas ar féidir leis réimse leathan faisnéise airgeadais agus cuntasaíochta.

3. Ullmhaítear buiséid i leith gach bliain agus ullmhaítear ráitis mhíosúla ioncaim agus chaiteachais chun comparáid a éascú idir fhigiúirí buiséadaithe.

4. Ní mór an táille iomchuí ceadúnais a bheith in éineacht le gach iarratas ar cheadúnas nó cuirtear ar ais chuig an iarratasóir é. De bharr chumraíocht agus chórais sreafa oibre na mbunachar ceadúnaithe faoi seach, ní féidir ceadúnas conraitheora nó ceadúnas aonair a eisiúint mura gcuirtear isteach an táille ceart ceadúnais sa réimse táille ceadúnais. Tá rian staire iniúchta ag na bunachair faoi seach agus déanann an bainisteoir i ngach rannóg cáis athbhreithniú ar na córais sreafa oibre.

5. Tá nósanna imeachta an ÚSP faoi réir athbhreithnithe ag rannóg iniúchadh inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chuir an rannóg iniúchadh inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar an ÚSP i gcrích i mí Aibreáin 2016, rud a thug dearbhú dearfach don Oifigeach Cúntasaíochta agus don ÚSP maidir le hacmhainneacht agus éifeachtúlacht a gcórais rialaithe inmheánach airgeadais ar an iomlán.

6. Cuireadh i bhfeidhm an straitéis bainistíochta riosca agus rinneadh monatóireacht uirthi trí Chlár Bainistíochta Riosca a úsáid. Déantar athbhreithniú ar an gClár ag gach cruinniú Boird mar rud as féin.

7. Tá Coiste Iniúchta ag an mBord, coiste a dhéanann athbhreithniú ar obair iniúchtaí inmheánacha, ar an litir bainistíochta a thagann ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an bhfreagra ón mbainistíocht. Casann sé le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (nuair nach ann don bhainistíocht, más gá) chun torthaí an iniúchta sheachtraigh a phlé.

Is féidir liom a dhearbhú go ndearna an Bord iniúchadh ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh airgeadais don bhliain 2015.

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 13/6/16

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 13.6.16

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS BARRACHAS COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | € | 2015 € | € | 2014 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas an Oireachtais | 2 | | **2,315,542** | | 2,098,654 |
| Táillí Ceadúnais | 3 | | **2,623,393** | | 2,796,594 |
| | | | **4,938,935** | | 4,895,248 |
| Aistriú (go)/ó Cuntas Capitil | 7 | | **(74,063)** | | 21,393 |
| | | | **4,864,872** | | 4,916,641 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Foirne | 4 | **1,739,723** | | 1,680,196 | |
| Riarachán | 5 | **516,061** | | 431,367 | |
| Caiteachas Iomlán | | **2,255,784** | | 2,111,563 | |
| Barrachas don bhliain roimh íocaíochtaí | | | **2,609,088** | | 2,805,078 |
| Íoctha don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 3 | | **(2,388,562)** | | (2,890,984) |
| **Barrachas/ (Easnamh) don bhliain** | | | **220,526** | | (85,906) |
| **Barrachas tugtha ar aghaidh** | | | **134,716** | | 220,622 |
| **Barrachas ar 31 Nollaig** | | | **355,242** | | 134,716 |

**Tá gach brabús agus caillteanas a aithníodh sa bhliain san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncam Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo nótaí 1 go 16.**

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 13/6/16

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 13.6.16

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

## RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS AR 31 NOLLAIG 2015

| | | 2015 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **6** | | **6,185** | | 9,063 |
| Sócmhainní seasta á bhforbairt | **6A** | | **76,941** | | - |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | | **9,398** | | 17,586 | |
| Banc agus Airgead | | **348,465** | | 119,509 | |
| Fardal | | **5,496** | | 5,459 | |
| | | | **363,359** | | 142,554 |
| **DLITEANAS REATHA** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | | | **8,117** | | 7,838 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **355,242** | | 134,716 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **438,368** | | 143,779 |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACH** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **7** | | **83,126** | | 9,063 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | | | **355,242** | | 134,716 |
| agus Barrachas Coimeádta | | | **438,368** | | 143,779 |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo nótaí 1 go 16.**

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 13/6/16

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 13.6.16

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

## RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN
## DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí feidhmíochta** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(Easnamh) Feidhmíochta don bhliain | **220,526** | (85,906) |
| Dímheas Sóchmhainní Inláimhsithe | **2,878** | 21,393 |
| Aistriú (go)/ó an Cuntas Caipitil | **74,063** | (21,393) |
| (Méadú)/ Laghdú sa Fardal | **(37)** | 397 |
| (Laghdú)/Méadú i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | **8,188** | (8,576) |
| Méadú/ (Laghdú) i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe | **279** | (3,775) |
| | ------------- | ------------- |
| **Glan insreabhadh airgid/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí feidhmúcháin** | **305,897** | (97,860) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra, trealamh a fháil | **(76,941)** | - |
| **Méadú/ (laghdú) in airgead agus a chomhluach in airgead tirim** | **228,956** | (97,860) |
| | ========== | ========= |

## RÁITEAS AR ATHRUITHE AR GHLANCHISTÍ/ (FIACHAS)

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanchistí ar 1 Eanáir | **119,509** | 217,369 |
| Glanchistí ar 31 Nollaig | **348,465** | 119,509 |
| Méadú/ (laghdú) in Airgead Tirim | **228,956** | (97,860) |
| | ========= | ======= |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo nótaí 1 go 16.**



**AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015**

## 1. RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus beartas suntasach cuntasaíochta. Cuireadh i bhfeidhm go léir iad go seasta i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### A. EOLAS GINEARÁLTA

Bunaíodh an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháideacha 2004. Is Eintiteas Leasa Poiblí an tÚdarás um Shlándáil Phríobhaideach.

### B. RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102 an caighdeán um thuairisciú airgeadais a bhfuil feidhm leis sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo an chéad tacar de ráitis airgeadais de chuid an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach. Ba é 1 Eanáir 2014 dáta an trasdula go FRS 102. Ní dheachaigh an trasdul go FRS 102 i bhfeidhm ar staid airgeadais tuairiscithe agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais.

### C. BONN NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh cuntasaíochta fabhraithe, ach amháin sna háiteanna a luadh thíos, agus de réir cleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus sa foirm atá faofa ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

### D. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Tugtar aitheantas d'ioncam ó tháillí ceadúnais sa tréimhse inar eisítear an ceadúnas atá i gceist. Cuirtear ar ais mar leithghabháil bhrabúis chuig cuntas leithghabhála na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ioncam ó tháillí ceadúnais, bunaithe ar an méid a fhaigheann an tÚdarás sa mhí roimhe sin.

### E. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Mínítear iad siúd ar mar airgead faighte. Cuimsítear i ndeontais ón Oireachtas cistí a fhaigheann an tÚdarás ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais trí thuarastal agus costais riaracháin a íocann an Roinn go díreach.

**F. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS**

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ag costphraghas, nó ag luach measta margaidh, lúide dímheas carnach.

Dímheasadh sócmhainní seasta de réir méid chothroim thar a saolré measta fhónta; tosaítear ar seo an mhí a chuirtear an sócmhainn i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán | 10% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Trealamh TF | 20% |

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **2. DEONTAS OIREACHTAIS** | | |
| Focheannteideal B6 de Vóta 24 – Dlí agus Cirt agus Comhionannais | **2,315,542** | 2,098,654 |

**3. TÁILLÍ CEADÚNAIS**

Is timthriall dhá bhliana an timthriall ceadúnaithe ina mbíonn tromlach na gceadúnas conraitheora dlite le haghaidh athnuachan i mbliain 1 agus tromlach na gceadúnas aonar dlite le haghaidh athnuachan i mbliain 2. Is mó líon na n-iarratasóirí aonair ach is lú an t-ioncam a dhéantar astu. Mar sin, bíonn ioncam an Údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthrialla ceadúnaithe.

**Íocaíocht don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe seo Dlite le híoc mar a bhí ag tús na bliana | 119,309 | 217,169 |
| Táillí bainc sa bhliain | (5,875) | (3,470) |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais sa bhliain | 2,623,393 | 2,796,594 |
| Íoctha don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | (2,388,562) | (2,890,984) |
| Méid dlite le híoc ag deireadh na bliana | 348,265 | 119,309 |

## 4. COSTAIS FOIRNE

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Pá | **1,656,009** | 1,607,610 |
| Costais taistil agus cothaithe | **83,714** | 72,586 |
| | **1,739,723** | 1,680,196 |

Bhí 39 ball foirne fostaithe ag an Údarás ar an 31 Nollaig 2015 (2014: 39)

(a) ***Miondealú ar leasa foirne***

| **Réimse na leasa foirne ar fad** | | | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2015** | **2014** |
| €60,000 | - | €69,999 | 1 | 2 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 1 |

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **5. Riarachán** | | |
| Costais oifige | **75,615** | 51,477 |
| Seirbhísí comhairliúcháin | **34,730** | 40,407 |
| Táillí bhaill an Údaráis | **58,053** | 57,611 |
| Costais Dlí | **21,265** | 13,507 |
| Costais chumarsáide | **55,243** | 65,002 |
| Costais ceadúnaithe | **89,136** | 72,332 |
| Fógraíocht | **100,169** | 74,613 |
| Dímheas | **2,878** | 21,393 |
| Táille iniúchta | **11,001** | 6,450 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,688 |
| Deisiú & cothabháil | **3,939** | 3,800 |
| Cigirí seachtracha | **28,800** | 12,150 |
| Eile | **30,620** | 7,937 |
| | **516,061** | 431,367 |

## 6. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Feistis € | TF Trealamh € | Oifig Trealamh € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | |
| Ag 1 Eanáir | 9,632 | 509,359 | 33,644 | 552,635 |
| **Ag 31 Nollaig** | **9,632** | **509,359** | **33,644** | **552,635** |
| **DÍMHEAS CARNACH** | | | | |
| Ag 1 Eanáir | 7,526 | 505,356 | 30,690 | 543,572 |
| Muirear don tréimhse | 963 | 1,084 | 831 | 2,878 |
| **Ag 31 Nollaig** | **8,489** | **506,440** | **31,521** | **546,450** |
| **GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR** | | | | |
| **Ag 31 Nollaig** | **1,143** | **2,919** | **2,123** | **6,185** |
| **Ag 1 Eanáir** | **2,106** | **4,003** | **2,954** | **9,063** |

## 6A. SÓCMHAINNÍ SEASTA Á BHFORBAIRT

Forbairt córas athnuachana ar líne le haghaidh iarratas ceadúnais i gcás ceadúnú aonair €76,941 an costas go mí na Nollag 2015. Táthar ag súil go dtiocfaidh an córas iarratais ar líne i bhfeidhm ag deireadh mhí na Bealtaine 2016.

## 7. CUNTAS CAIPITIL

| | 2015 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Iarmhéid Tosaigh | | **9,063** | | 30,456 |
| Sócmhainn seasta á fhorbairt | **76,941** | | - | |
| Aistriú/Diúscairt maoine, gléasra agus trealamh | - | | (118,866) | |
| Amúchadh | **(2,878)** | | (21,393) | |
| Méid a scaoileadh ar Aistriú/diúscairt maoine, gléasra agus trealamh | - | | 118,866 | |
| Aistriú ó/ (go) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | | **74,063** | | (21,393) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | **83,126** | | 9,063 |

## 8. COSTAIS SHOCHAIR SCOIR

Tugadh foireann iomlán an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Comhlíonfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Aoisliúntas 12 agus níl foráil ar bith déanta sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais seo.

## 9. BORD ACHOMHAIRC NA SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Bunaíodh Bord Achomhairc na Slándála Príobháidí chun éisteacht le hachomhairc i gcoinne chinntí an Údaráis agus chun iad a chinneadh. Trí bhall agus Cathaoirleach atá ar an mBord. Ceapann an Rialtas baill an Bhoird Achomhairc agus níl aon bheann aige ar an Údarás. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais costais an Bhoird agus níl na costais sin léirithe i ráitis airgeadais an Údaráis.

## AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

### 10. TOBHACH PINSIN

Is costais chomhlán don Údarás don tréimhse na costais tuarastail atá san áireamh sa chuntas seo. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuarastail ar son an Údaráis. Rinne an Roinn asbhaintí tobhach pinsin, de réir Alt 2(3) de na Bearta Éigeandála Airgeadais san Acht 2009 (No. 5 of 2009), agus coimeádtar iad mar leithreasaí i gcabhair don Roinn sin.
Is ionann seo agus €86,886 in 2015 (2014: €94,570).

### 11. FAISNÉIS A NOCHTADH MAIDIR LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Féach ar nóta 13 le haghaidh miondealaithe ar tháillí bhaill an Bhoird agus iomlán na gcostas taistil agus cothaithe. De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Baill an Bhoird agus fostaithe. San áireamh sna cóid seo tá treoir maidir le leasa a nochtadh ag Baill an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní raibh ann d'idirbheart ar bith i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ag aon bhall.

### 12. NÓTA FAOI CHÚRSAÍ CÓIRÍOCHTA

Is as cóiríocht ar Shráid an Dáibhísigh, Tiobraid Árann a fheidhmíonn an tÚdarás. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil í saor in aisce.

### 13. TÁILLÍ BHAILL AN BHOIRD

Íocadh táillí €58,140 do bhaill an Bhoird in 2015 (2014: €58,140) mar seo a leanas:

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| **Ainm** | **€** | **€** |
| Noel Lappin (Cathaoirleach) | **11,970** | 11,970 |
| Padraic Cafferty | **7,695** | 7,695 |
| Arthur Hall | **7,695** | 7,695 |
| Geraldine Kelly | **7,695** | 7,695 |
| Freda O' Dowd | **7,695** | 7,695 |
| Christy Waters | **7,695** | 7,695 |
| Ann Reid | **7,695** | 7,695 |
| Marion Walsh | - | - |
| Helen Curley | - | - |
| Derek Byrne | - | - |
| Mary Kinane | - | - |
| | **58,140** | 58,140 |

Íocadh costais taistil agus cothaithe €1,459 do bhaill an bhoird le haghaidh 2015 (2014: €3,645) de réir rátaí taistil agus cothaithe na státseirbhíse.

**AN tÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH**

## 14. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhain bunphá bliantúil €83,870 le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. (2014: €60,767) Chomh maith leis sin, fuairan Príomhfheidhmeannaigh €7,477 in 2015 maidir le costais taistil agus cothaithe (2014: €5,586) de réir rátaí taistil agus cothaithe na státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na bunteidlíochtaí a bhaineann le scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí. In 2015, ní dhearnadh íocaíocht ar bith i gcoibhneas le feidhmíocht.

## 15. TÁILLÍ FORFHEIDHMITHE

Is é atá i gceist le táillí forfheidhmithe fíneálacha maidir le neamhchoréireacht le rialacháin an Údaráis agus €1,537 a n-iomlán siúd in 2015 (2014: €1,024). Tá cuntas ar na táillí seo in ioncam táillí ceadúnais.

## 16. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS

Rinne an tÚdarás faomhadh ar na cuntais seo ar 13.6.16

# Aguisíní

## *Aguisín 1 - Tuarascálacha Staitistiúla*

| Tuairisc 1 - Líon na gCeadúnas Aonar Eisithe ar an 31 Nollaig 2015 maidir le Contae agus Inscne | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Contae** | **Doirseoir Slándála** | **Garda Slándála** | **Earnálacha GS agus DSP** | **Airgead faoi Bhealach** | **Iomlán** | **Fireann** | **Baineann** |
| **Ceatharlach** | 69 | 138 | 57 | 3 | **267** | 253 | 14 |
| **An Cabhán** | 40 | 151 | 102 | 7 | **300** | 282 | 18 |
| **An Clár** | 113 | 275 | 88 | 8 | **484** | 455 | 29 |
| **Corcaigh** | 502 | 1,397 | 758 | 98 | **2,755** | 2,573 | 182 |
| **Dún na nGall** | 167 | 139 | 96 | 1 | **403** | 373 | 30 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,209 | 7,993 | 2,526 | 576 | **12,304** | 11,650 | 654 |
| **Gaillimh** | 299 | 462 | 451 | 76 | **1,288** | 1,207 | 81 |
| **Ciarraí** | 153 | 265 | 187 | 5 | **610** | 581 | 29 |
| **Cill Dara** | 154 | 897 | 281 | 50 | **1,382** | 1,309 | 73 |
| **Cill Chainnigh** | 65 | 139 | 74 | 4 | **282** | 269 | 13 |
| **Laois** | 72 | 244 | 146 | 11 | **473** | 449 | 24 |
| **Liatroim** | 30 | 35 | 44 | 2 | **111** | 104 | 7 |
| **Luimneach** | 201 | 794 | 256 | 51 | **1,302** | 1,244 | 58 |
| **An Longfort** | 26 | 109 | 81 | 1 | **217** | 207 | 10 |
| **Lú** | 131 | 457 | 169 | 19 | **776** | 749 | 27 |
| **Maigh Eo** | 140 | 376 | 171 | 6 | **693** | 645 | 48 |
| **An Mhí** | 141 | 613 | 199 | 38 | **991** | 947 | 44 |
| **Muineachán** | 57 | 76 | 105 | 16 | **254** | 234 | 20 |
| **Uíbh Fhailí** | 72 | 193 | 107 | 5 | **377** | 355 | 22 |
| **Ros Comáin** | 57 | 113 | 69 | 5 | **244** | 224 | 20 |
| **Sligeach** | 75 | 152 | 71 | 26 | **324** | 312 | 12 |
| **Tiobraid Árann** | 109 | 332 | 178 | 8 | **627** | 589 | 38 |
| **Port Láirge** | 114 | 312 | 151 | 37 | **614** | 595 | 19 |
| **An Iarmhí** | 67 | 241 | 98 | 6 | **412** | 402 | 10 |
| **Loch Garman** | 112 | 247 | 149 | 8 | **516** | 491 | 25 |
| **Chill Mhantáin** | 86 | 364 | 153 | 23 | **626** | 597 | 29 |
| **Tuaisceart Éireann** | 41 | 37 | 18 | 49 | **145** | 140 | 5 |
| **RA (gan TÉ)** | - | 2 | 2 | - | **4** | 3 | 1 |
| **Iomláin** | **4,302** | **16,553** | **6,787** | **1,139** | **28,781** | **27,239** | **1,542** |
| **% den Iomlán** | **15%** | **58%** | **24%** | **4%** | **100%** | **95%** | **5%** |

# Aguisíní

| Tuairisc 2 - Líon na gCeadúnas Aonar Eisithe ar an 31 Nollaig 2015 Maidir le Contae | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Contae** | **DSSÓ** | **DSÁC** | **GSMA** | **GAMTCI** | **GSSÓ** | **GSS** | **SSL** | **AFB** | **IP** | **Iomlán** |
| **Ceatharlach** | 0 | 3 | 1 | 1 | 0 | 4 | 19 | 0 | 1 | **29** |
| **Cabhán** | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 14 | 0 | 2 | **20** |
| **Clár** | 1 | 3 | 0 | 0 | 1 | 2 | 12 | 0 | 1 | **20** |
| **Corcaigh** | 3 | 3 | 4 | 3 | 3 | 11 | 77 | 0 | 4 | **108** |
| **Dún na nGall** | 1 | 2 | 0 | 0 | 1 | 3 | 10 | 0 | 0 | **17** |
| **Baile Átha Cliath** | 15 | 22 | 12 | 9 | 17 | 83 | 221 | 4 | 18 | **401** |
| **Gaillimh** | 2 | 4 | 1 | 1 | 2 | 8 | 37 | 0 | 2 | **57** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 6 | 15 | 0 | 2 | **24** |
| **Cill Dara** | 4 | 5 | 1 | 1 | 4 | 15 | 32 | 1 | 5 | **68** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 4 | 11 | 0 | 0 | **18** |
| **Laois** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 3 | 13 | 0 | 1 | **18** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 0 | 0 | **6** |
| **Luimneach** | 2 | 0 | 1 | 1 | 2 | 6 | 33 | 0 | 2 | **47** |
| **Longfoirt** | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 9 | 0 | 0 | **11** |
| **Lú** | 2 | 1 | 0 | 1 | 2 | 5 | 28 | 0 | 1 | **40** |
| **Maigh Eo** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 11 | 0 | 1 | **12** |
| **An Mhí** | 3 | 3 | 0 | 0 | 3 | 11 | 42 | 0 | 2 | **64** |
| **Muineachán** | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 9 | 1 | 1 | **17** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 11 | 0 | 1 | **13** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 8 | 0 | 0 | **10** |
| **Sligeach** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 8 | 0 | 1 | **11** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 9 | 24 | 0 | 1 | **38** |
| **Port Láirge** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 6 | 12 | 1 | 1 | **24** |
| **An Iarmhí** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 3 | 10 | 0 | 7 | **24** |
| **Loch Garman** | 2 | 1 | 2 | 2 | 2 | 3 | 15 | 0 | 1 | **28** |
| **Cill Mhantáin** | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 5 | 28 | 0 | 3 | **38** |
| **Tuaisceart Éireann** | 1 | 1 | 8 | 5 | 2 | 2 | 12 | 0 | 4 | **35** |
| **RA/GB (gan TÉ san áireamh)** | 2 | 1 | 7 | 2 | 2 | 3 | 6 | 0 | 2 | **25** |
| **Iomláin** | **44** | **55** | **39** | **28** | **51** | **202** | **733** | **7** | **64** | **1,223** |
| **% den Iomlán** | **4%** | **4%** | **3%** | **2%** | **4%** | **17%** | **60%** | **1%** | **5%** | **100%** |

**Eochair Eolais**
DSSÓ – Doirseoir Slándála (Slándáil Ócáide)
DSÁC – Doirseoir Slándála (Áitreabh Ceadúnaithe)
GSMA – Garda Slándála (Monatóireacht Aláraim)
GSMTCI – Garda Slándála (Monatóireacht Teilifíse Ciorcaid Iata)
GSSÓ – Garda Slándála (Slándáil le haghaidh Ócáide)
GSS– Garda Slándála (Statach)
SSL- Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
AFB – Airgead faoi Bhealach
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach

# Aguisíní

## *Aguisín 2 - Cairt na hEagraíochta*



# Aguisíní

***Aguisín 3 - Tuairisc ar Fhuinneamh***

*(Faoi mar a éilítear faoi S.I. 542 of 2009)*

In 2015, leanadh le húsáid ola téimh agus leictreachas mar phríomhfhoinsí úsáide fuinnimh san Údarás. Is trí Chóras nua-aimseartha éifeachtúil Bainistíochta Foirgnimh a dhéantar ár bhfóntais a bhainistiú. C2 an grádú fuinnimh atá ag an bhfoirgneamh, grádú atá os cionn an mheáin le haghaidh foirgneamh den chineál seo.

Cuirtear an úsáid bhliantúil fuinnimh a bhí ag foirgneamh an Údaráis i gcomparáid le húsáid fuinnimh a bheadh ag foirgneamh tipiciúil den chineál seo

| **Ár bhFoirgneamh** | |
|---|---|
| **Neamhleictreach (kWh/m$^2$/yr)** | Leictreach (kWh/m$^2$/yr) |
| **90** | **120** |
| **Foirgneamh Tipiciúil den chineál seo** | |
| **Neamhleictreach (kWh/m$^2$/yr)** | Leictreach (kWh/m$^2$/yr) |
| **125** | **233** |

In 2015, cuireadh fócas ar an dul chun cinn a fuarthas go dtí seo a choimeád maidir le hastuithe $CO_2$ a laghdú le 30% roimh 2020 a chothabháil. Is téama ollmhór dár bhfeachtas i gcónaí feasacht foirne. Cuireann comharthaí tríd an foirgnimh ar fad i gcuimhne don bhfoireann leictreachas a chaomhnú agus a bheith aireach ar n-úsáid foinsí fuinnimh.

# Sonraí Teagmhála


***An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach***
***Sráid an Dáibhisigh***
***Tiobraid Árann***
***Co. Thiobraid Árann***
***E34 PY91***

**T: 062-31588/32600**
**R: info@psa.gov.ie**
**W: www.psa.gov.ie**


**Rannóg na gConraitheoirí**

T: 062-32606
062-32612
062-32614
062-32624
062-32627
062-32631
F: 062-31591
R: contractors@psa.gov.ie

**Rannnóg um Chomhlíontacht agus Chigireacht agus Chaighdeáin**

T: 062-32629
062-32658
F: 062-31591
R: enforcement@psa.gov.ie

**Rannóg um Cheadúnú Aonair**

(Céadainmneacha ag tosú le A-J)
T: 062-32625
062-32632
062-32636
062-32638

F: 062-31591
R: licensing@psa.gov.ie

(Céadainmneacha ag tosú le K-Z)
T: 062-32626
062-32628
062-32635
062-32648
062-32690

**Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha**

T: 062-32611
062-32633
F: 062-31591
R: info@psa.gov.ie

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

An tÚdarás Slándála Príobháidí
Sráid an Dáibhisigh, Tiobraid Árann,
Éire, E34 PY91

The Private Security Authority
Davis Street, Tipperary Town,
Ireland, E34 PY91

T: 062 31588 / 32600
F: 062 31591
E: info@psa.gov.ie

www.psa.gov.ie